


Gníomhaíochtaí Daltaí: $y = a \cos bx$



Déan in éineacht leis an gcomhad $f(x) = a \cos bx$ (Céimeanna) ar CD an Dalta.

- Tarraing na barraí sleamhnáin ionas go mbeidh $a=1$ agus $b=1$.
Scríobh síos peiriad agus raon $f(x) = \cos bx$
 - Peiriad =
 - Raon =
- Tarraing **barra sleamhnáin a** chun luach a a athrú. Nuair a athraíonn an athróg a , cad a tharlaíonn don fheidhm $f(x) = a \cos bx$?

- Tarraing **barra sleamhnáin a** chun luach a a athrú, ach bíodh $b=1$ i gcónaí. Líon isteach an tábla.

a	1	2	3	4
Raon of $f(x)$				

- Tarraing **barra sleamhnáin a** chun luach a a athrú, ach bíodh $b=1$ fós. Líon isteach an tábla thíos.

a	-1	-2	-3	-4
Raon of $f(x)$				

B'fhiú na freagraí a thug tú ar C2 a athbhreithniú b'fhéidir, anois agus C3 agus C4 freagartha agat.

- Tarraing **barra sleamhnáin b** chun luach b a athrú, ach coinnigh a tairiseach. Cad a tharlaíonn don fheidhm $f(x) = a \cos bx$ nuair a athraítear b ?

- Tarraing **barra sleamhnáin b** chun luach b a athrú, ach coinnigh a tairiseach, ag $a=2$, mar shampla, agus líon isteach an tábla seo.

b	1	2	3	4
Peiriad of $f(x)$				

- Tarraing **barra sleamhnáin b** chun luach b a athrú, ach coinnigh a tairiseach, ag $a=2$, mar shampla, agus líon isteach an tábla seo.

b	-1	-2	-3	-4
Peiriad of $f(x)$				

8. Lión isteach an tábla thíos:

Feidhm	Raon	Peiriad
$f(x) = 3\cos x$		
$f(x) = \cos 4x$		
$f(x) = 5\cos 3x$		
$f(x) = 2\cos 2x$		

9. Scríobh síos raon agus peiriad na feidhme $y = a \cos bx$, i dtéarmaí a agus b .

Raon =

Peiriad =

10. Lión isteach an colún deiridh sa tábla thíos san fhoirm $y = a \cos bx$, do a agus b , agus an raon agus an peiriad a chur san áireamh i ngach cás.

Raon	Peiriad	$y = a \cos bx$
$[-1, 1]$	180°	
$[-3, 3]$	120°	
$[-5, 5]$	90°	
$[-4, 4]$	45°	

11. Glac leis gurb é 180° peiriad $f(x) = a \cos bx$, agus gurb é $[-2, 2]$ an raon, agus sceitseáil graf den fheidhm sin ar an bpáipéar graif atá tugtha thíos, don fhearann 0° go dtí 720° .

